Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí Mínithe/Giorrúcháin don Mharcáil ar Líne

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Léiríonn siad tús agus deireadh an ailt ar cheart Marcanna Carnacha (MCanna) a bhronnadh dóibh. |
| ✓ | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán) |
| 0 | Náid | Náid bronnta |
| ✓5 | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna a bhronntar (m.sh. 5 mharc). |
| P5 | Barraíocht marcanna ailt | Nuair atá an marc ab airde MCanna incheadaithe bronnta ar fhreagra, bronnfar marcanna measta ar aon ábhar breise le luach náid i gceist (m.sh. 5 “mharc”). |
| ✗ | Cros/X | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha. |
|  | Corrach ceartingearach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir. |
| INVL | Neamhbhailí | Léiríonn sé gur baineadh triail as meascán neamhbhailí de cheisteanna (m.sh. trí cheist ó thopaic amháin). |
| 10 | Lúide marc | Sa chás go ndearnadh iarracht meascán neamhbhailí de cheisteanna a fhreagairt, bainfear na freagraí neamhbhailí leis an scór is ísle ón marc iomlán agus úsáid a bhaint as nótaí marc lúide(m.sh.10 mharc). Cuirfear na marcanna seo ar an líne choigeartaithe (**ADJ**) ag bun an phainéil marcála. |
| **GF** | Gan aon Fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |
| **ADJ** | Oiriúnú | Cuirtear oiriúnú i bhfeidhm dá ndéanfaí iarracht meascán neamhbhailí a fhreagairt. |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2024

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-aois Dhéanach

# ARDLEIBHÉAL

*TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
*(100 marc)*

***LÉIGH GACH RUD SULA MARCÁLANN TÚ AON NÍ!***

## PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)

Foinsí a lua = 6 mharc    Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais bhreise air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = 6 mharc ar a mhéad le haghaidh trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche an staidéir taighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir leis na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| ***Sainigh agus údar a thabhairt*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Cur chuige a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) |
|---|---|---|
| An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 |
| Maith = 2 | Maith = 2 | Maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| Tagairt do GACH CEANN DE NA TRÍ fhoinse | ***Sármhaith:*** 22-25 marc<br>***An-mhaith:*** 17-21 marc<br>***Maith:*** 13-16 mharc<br>***Réasúnta:*** 9-12 mharc<br>***Lag:*** 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***Sármhaith:*** 15-17 marc<br>***An mhaith:*** 12-14 mharc<br>***Maith:*** 9-11 mharc<br>***Réasúnta:*** 6-8 marc<br>***Lag:*** 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***Sármhaith:*** 8-9 marc<br>***An-mhaith:*** 6 mharc-7 marc<br>***Maith:*** 4-5 mharc<br>***Réasúnta:*** 2-3 mharc<br>***Lag:*** 0-1 mharc |

**AISTE FHADA  (60 marc)**

Aiste stairiúil = 50 marc                    Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***An-mhaith:*** 16-20<br>***Maith***: 11-15<br>***Réasúnta.*** 6-10<br>***Lag***: 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 marc – Ar nós***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***An-mhaith:*** 10-12<br>***Maith***: 7-9<br>***Réasúnta.*** 4-6<br>***Lag***: 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Comhleanúnachas<br>Struchtúr | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***An-mhaith:*** 7-8<br>***Maith***: 5-6<br>***Réasúnta.*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir athbhreithniú an phróisis taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***An-mhaith:*** 7-8
***Maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

| |
|---|
| ***Roinn 1: CEIST BUNAITHE AR CHÁIPÉISÍ (CBC) (100 marc)*** |

***1. Léirthuiscint (20 marc)***

(a) Comhcheilg sceimhlitheoireachta i gcoinne Ceannairí Páirtí, lena n-áirítear Stalin 5M

(b) Chun bearta crua a thógáil/chun 80-100 duine a chur chun báis 5M

(c) Bhí na ginearáil ag obair thar ceann na Gearmáine/ bhí deachtóireacht mhíleata á pleanáil acu/ bhí deireadh a chur le cumannachas/ caipitleachas a thabhairt ar ais á phleanáil acu bhí siad toilteanach críocha Sóivéadacha a thabhairt uathu 5M

(d) Cuid den Úcráin 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Léiríonn na cuairteoirí chun na hambasáide go raibh imní orthu faoi na heachtraí sa Rúis Shóivéadach sa dhá dhoiciméad.

D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:

- Mar daoine a thaobhaigh leis na Rúisigh, beidh imní ar mhuintir Cole gan amhras faoi na heachtraí tromchúiseacha sa Rúis amhail "trialacha faoi rún agus an cur chun báis" agus "comhcheilg mhór sceimhlitheoireachta".
- Tá muintir Cole "an-suaite" agus bhí lámha Bhean Cole "ar crith le neirbhís", rud a d'fhéadfadh an imní atá orthu faoi eachtraí a léiriú.
- Tá siad "fós buartha" faoi na trialacha agus an cur chun báis fiú tar éis do Maisky boinn chirt éagsúla a thabhairt ar an gcur chun báis.
- Tá "suaimhneas" de dhíth orthu ó Maisky go bhfuil na heachtraí seo "eisceachtúil".
- I ndoiciméad B, Is duine a "thaobhaigh leis an Rúis" é Hugh Dalton freisin agus a theastaíonn uaidh go mbeadh an Rúis ag éirí go maith. Chuir eachtraí sa Rúis "isteach go mór air"
- Tá imní ar Dalton go bhfuil "an tArm Dearg lagaithe go mór" mar gheall ar an gcur chun báis.
- Thug Maisky "míniú fada" do Dalton ar na trialacha agus an cur chun báis, rud a thugtar le fios nach raibh sé éasca Dalton a chur ina luí air go raibh gach rud go maith sa APSS.
- "Is ar éigean a chreideann" Dalton cuid de mhíniú Maisky agus nach "raibh ag éirí leis é a chreidiúint", rud a thugtar le fios go bhfuil sé fós buartha fiú tar éis mhíniú fhada Maisky.

*Gach cáipéis le marcáil ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad 10M

(*b*) Léirítear amhras faoi mhínithe Maisky sa dá dhoiciméad.

D'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith san áireamh mar chúiseanna:

- Braitheann Maisky gur gá do "íde béil ceart" a thabhairt do mhuintir Cole i ndoiciméad A, amhail is go bhfuil claonadh orthu a bheith in amhras maidir leis an méid a bhfuil á rá aige.
- Tá ar Maisky go leor cúiseanna a sholáthar do mhuintir Cole chun na trialacha agus an cur chun báis a dhlisteanú.
- Cé nach gcuireann mhuintir Cole "i gcoinne" mhíniú Maisky maidir le cur chun báis 80-100 duine, tá siad "buartha fós" mar gheall ar na trialacha agus an cur chun báis tar éis a chuid mínithe go léir.
- Tá suaimhneas de dhíth ar mhuintir Cole gur "freagra eisceachtúil do chúinsí eisceachtúla" é an cur chun báis, lena dtaispeántar go bhfuil amhras orthu fós.
- I ndoiciméad B, d'iarr Dalton "eolais" maidir leis na heachtraí suaiteacha san Aontas Sóivéadach, amhail is nach féidir leis an nuacht atá ag teacht ón Rúis a chreidiúint.
- Tá amhras go cinnte ag Dalton ar mhíniú Maisky ar eachtraí, agus é ag tagairt do shonraí na hÚcráine mar "scéal" is "ar éigean" a chreideann sé.
- Ní chuireann tagairt Maisky d'Oileán na Tríonóide ar Dalton a chreidiúint go dtabharfadh an tAontas Sóivéadach suas cuid den Úcráin go toilteanach. Deir Dalton "Níl ag éirí liom fós an chuid seo den scéal a chreidiúint".

*Gach cáipéis le marcáil ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad 10M

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) Tá an iontráil dialainne i ndoiciméad A úsáideach do staraí na Rúise 1930ídí.

D'fhéadfadh go gcuimseofaí le freagraí pointí dearfacha/diúltacha amhail:

- Is foinse phríomhúil é dialann Maisky a thugann staraithe léargas maidir le conas a ionadaigh tacadóir dílseach Stalin a thír agus conas a mhínigh sé eachtraí don domhan. Mar sin féin, tá tuairimí Maisky ar eachtraí claonta i bhfabhar na n-údarás Sóivéadach.
- Baineann an dialann le heachtraí reatha. Bheadh an dialann seo úsáideach do staraí mar nochtann sí freagairt Maisky ar eachtraí leanúnacha i rith na 1930ídí. Creideann Maisky gur "fianaise shuntasach" é feallmharú Kirov (a tarlaíodh tuairim is coicís níos luaithe) ar "bhagairt na sceimhlitheoirí". Maidir leis an gcur chun báis, creideann sé gur "fearr é sin ná beatha na milliún duine a chur i mbaol ar pháirc an chatha". Mar sin féin, ní chuireann dialann dearcadh fadtéarmach ar fáil ónar féidir measúnú a dhéanamh ar eachtraí.
- Scríobhtar dialann de ghnáth mar dhoiciméad príobháideach lena dtugtar tuairimí macánta an údair ar eachtraí. D'fhéadfadh staraí ráitis phoiblí agus phríobháideachta Maisky a chur i gcomparáid le cheile d'fhonn a léiriú a mhéad atá a thuairimí poiblí agus príobháideachta ag teacht le chéile.

- Cuireann dialann léargas maidir le pearsantacht an údair ar fáil do staraí agus is féidir go mbeadh sé níos suimiúla a léamh ná doiciméid oifigiúla na ré. Léiríonn Maisky muintir Cole mar ghlasóga neirbhíseach agus baineann sé taitneamh as "íde béil ceart" a thabhairt dóibh de réir dealraimh.
- Mar sin féin, ní thugann dialann ach dearcadh amháin ar eachtraí, rud a d'fhéadfadh a bheith an-teoranta. Is dócha nach raibh an dialann seo go hiomlán fírinneach mar bheadh Maisky ar an eolas cé chomh dainséarach a bhí sé a bheith faoi drochamhras maidir le mídhílseacht do Stalin. Mar gheall ar a phost i Londain, d'fhan sé amach ó lár na cumhachta i Moscó agus bhí a eolas teoranta ar cheannaireacht Shóivéadach dá bharr.

*Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach as 10 marc:*
Sármhaith = 9-10 marc    An-mhaith = 7-8 marc    Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc    Lag = 0-2 mharc    10M

(b) D'fhéadfaí le hiarrthóirí argóint ar son/ in aghaidh an dearcaidh gur bolscaire oilte ab ea é Maisky. Ba chóir dóibh a gcuid bpointí a thacú le fianaise ó dhoiciméad amháin nó ón dá dhoiciméad

D'fhéadfadh pointí mar seo a leanas a bheith i gceist:

- D'fhéadfaí leis an iarrthóir iarracht a dhéanamh chun cur síos a dhéanamh ar théarma bolscaireacht, is é sin scaipeadh eagraithe faisnéise nó d'aon ghnó a bhfuil mar aidhm leis a lucht éisteachta a chur ina luí orthu ar dhearcadh áirithe.
- Tá Maisky ag iarraidh muintir Cole agus Hugh Dalton a chur ina luí orthu go bhfuil na trialacha faoi rún agus an cur chun báis sna 1930ídí sa Rúis réasúnta agus neamh-inghearánta
- Tá Maisky sciliúil maidir le mothú contúirte a chruthú a chuireann ní amháin an cheannaireacht agus an stát Shóivéadach i mbaol ach síocháin na hEorpa freisin. Cuireann sé an milleán ar Naitsithe de chuid na Gearmáine sa dá dhoiciméad.
- Baineann sé úsáid as téarmaí amhail "comhcheilg mhór sceimhlitheoireachta agus "i mbun comhcheilge le deachtóireacht mhíleata" chun eagla a chur ar a lucht éisteachta.
- Baineann sé úsáid as eachtraí fíora, amhail bás Kirov, mar "fhianaise" ar an gcomhcheilg i gcoinne an Aontais Shóivéadaigh. Míníonn sé go mion na haidhmeanna agus gníomhartha na bplotairí.
- Déanann sé iarracht teacht roimh an gcáineadh ar an gcur chun báis trína mhol gur rud "dian agus míthaitneamhach" ab ea na plotairí a lámhach, agus trí na 80-100 bás seo a chur i comparáid le bás na "milliún" ar pháirc an chatha.
- Mar sin féin, níor éirigh leis go hiomlán a lucht éisteachta a chur ina luí orthu. Tá muintir Cole "fós buartha" ag deireadh a gcuairt agus is "ar éigean" a chreideann Hugh Dalton cuid de chuntas Maisky, nó nach bhfuil ag éirí leis é a chreidiúint.

*Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach as 10 marc:*
Sármhaith = 9-10 marc    An-mhaith = 7-8 marc    Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc    Lag = 0-2 mharc    10M

## *4 Comhthéacsú (40 marc)*

*Cén tionchar a bhí ag seóthrialacha Stailín ar an Rúis Shóivéadach?*

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.

**Marc Carnach** = Uasmharc 24 marc **Meastóireacht Fhoriomlán** = 16 marc ar a mhéad

**Marc Carnach (MC)**

Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus bainteach le hábhar na ceiste a cuireadh.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

I ndiaidh na ceiste a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: | 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** | 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur in iúl. |
| ***Lag.*** | 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 14-16 marc |
| ***An-mhaith:*** | 11-13 marc |
| ***Maith:*** | 6-10 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 2-3 mharc |
| ***An-lag:*** | 0-1 mharc |

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann an prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh trí Ranna 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 tríd an bpáipéar scrúdaithe.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

I Ranna 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** bronnta maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MC = 60 marc.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** do chaighdeán an fhreagra ar an iomlán i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MF = 40 marc.

***An Fhreagra a Mharcáil***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

- (i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
- (ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
- (iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
- (vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
- (vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmharc = 60 marc)

| | | |
|---|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: | 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** | 3-5 m harc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag.*** | 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** (Uasmharc = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, an-chuid léitheoireachta, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | An-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a cuireadh ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta ar an gceist a cuireadh, ach tá fabhtanna inaitheanta,<br>m.sh.: clúdach neamhiomlán, sonraí neamhábhartha, earráidí fíorasacha. |
| ***Lag***: 10-15 mharc | Dona, sa dóigh a dteipeann sé na ceisteanna atá leagtha amach a fhreagairt, ach tá<br>roinnt tuillteanais aige. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-lag nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cá mhéad a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *ROINN 2: ÉIRE*

*Éire: Topaic1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (láidreachtaí + laigí) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Éireannacha + Idirnáisiúnta)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (rath + teip) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: Dhá ghné (Carson + Redmond) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (rath + teip) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
  NÓTA: DHÁ ghné (eachtraí + féiniúlacht)
  Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (sa bhaile + thar lear)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (rath + teip) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (Cúil Raithin + Cearta Sibhialta)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR***

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné(Peel + Owen) Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (roimh + i ndiaidh 1852)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné(forbair + tionchar ar an tsochaí)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné(an Fhrainc + an Rúis)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (rath + cúlú eacnamaíochta)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné(intíre + eachtracha)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné(an Bhreatain + an Fhrainc)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné(cén fáth + an chúis a chur chun cinn
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4 Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Gealach + Star Wars)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2024

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Luath

# ARDLEIBHÉAL

***TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

***LÉIGH GACH RUD SULA MARCÁLANN TÚ AON NÍ!***

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar trí fhoinse chuí a lua.

Gach foinse chuí a lua go cruinn = 2 mharc

**Údar + teideal amháin = 1 mharc**

**Mír eolais bhreise air sin mar fhianaise (m.sh.: foilsitheoir, dáta) = 1 mharc**

2 mharc x 3 = 6 mharc ar a mhéad le haghaidh trí fhoinse

N.B. 'Ní ghlacfar le gnáth-théacsleabhair scoile mar fhoinsí oiriúnacha chun críche an staidéir taighde.' RO/CNCM *Treoirlínte*, lch 14.

**Sainigh agus tabhair údar ar an ábhar staidéir atá molta agus na haidhmeanna agus an cur chuige atá beartaithe a aithint.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh air agus cén fáth? An leagann an t-iarrthóir amach aidhmeanna an staidéir agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Maidir leis na trí chritéar, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| ***Sainigh agus údar a thabhairt*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Aidhmeanna a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) | ***Cur chuige a aithint*** (uasmharc = 3 mharc) |
|---|---|---|
| An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 | An-mhaith = 3 |
| Maith = 2 | Maith = 2 | Maith = 2 |
| Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 | Réasúnta = 1 |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go stuama?

| | |
|---|---|
| Tagairt do GACH CEANN DE NA TRÍ fhoinse | ***Sármhaith:*** 22-25 marc<br>***An-mhaith:*** 17-21 marc<br>***Maith:*** 13-16 mharc<br>***Réasúnta:*** 9-12 mharc<br>***Lag:*** 0-8 marc |
| Gan ann ach tagairt do DHÁ fhoinse | ***Sármhaith:*** 15-17 marc<br>***An-mhaith:*** 12-14 mharc<br>***Maith:*** 9-11 mharc<br>***Réasúnta:*** 6-8 marc<br>***Lag:*** 0-5 mharc |
| Gan ann ach tagairt d'AON fhoinse amháin | ***Sármhaith:*** 8-9 marc<br>***An-mhaith:*** 6 mharc-7 marc<br>***Maith:*** 4-5 mharc<br>***Réasúnta:*** 2-3 mharc<br>***Lag:*** 0-1 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste stairiúil = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

D'fhéadfadh an próiseas taighde a bheith lárnach don aiste nó i láthair mar ghné ar leith.

Ba cheart an aiste stairiúil a mheas mar aonad agus marc as 50 a bhronn mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas stairiúil – 25 marc***<br>Críochnúil<br>Cruinn<br>agus ag baint leis an teideal | ***Sármhaith:*** 21-25<br>***An-mhaith:*** 16-20<br>***Maith***: 11-15<br>***Réasúnta.*** 6-10<br>***Lag***: 0-5 |
| ***Scileanna taighde – 15 marc – Ar nós***<br>Taighde sách domhain léirithe<br>Úsáid na bhfoinsí<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna | ***Sármhaith:*** 13-15<br>***An-mhaith:*** 10-12<br>***Maith***: 7-9<br>***Réasúnta.*** 4-6<br>***Lag***: 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Litearthacht<br>Comhleanúnachas<br>Struchtúr | ***Sármhaith:*** 9-10<br>***An-mhaith:*** 7-8<br>***Maith***: 5-6<br>***Réasúnta.*** 3-4<br>***Lag:*** 0-2 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a bheith mar chuid neamhspleách nó mar chuid lárnach den aiste.

Ba cheart don scrúdaitheoir athbhreithniú an phróisis taighde a mheas ina iomláine, agus marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Sármhaith:*** 9-10
***An-mhaith:*** 7-8
***Maith:*** 5-6
***Réasúnta:*** 3-4
***Lag:*** 0-2

| ***Roinn 1: CEIST BUNAITHE AR CHÁIPÉISÍ (CBC) (100 marc)*** |
|---|

***1. Léirthuiscint (20 marc)***

(a) Ar chéimeanna na hardeaglaise 5M

(b) Gan olc a chur ar do chomrádaithe 5M

(c) A n-íobairtí daonna/canablacht/íoladhradh 5M

(d) Foghlaimeoidh siad faoi shuáilce/dhaonnacht/fhíorchreidreamh 5M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Aontaíonn an dá dhoiciméad gur cheart daoine an Domhain Nua a iompú ar an gCríostaíocht, ach molann an bheirt scríbhneoirí modhanna difriúla.

De réir Doiciméad A, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag concairí an Domhain Nua freastal ar Dhia trí "na hIndiaigh a thiontú". Molann sé gur cheart teacht ar bhealach chun "iad a threorú i dtreo an Chríost". Tugann sé rabhadh do na concairí a bheith airdeallach faoin tsaint nó faoi iompar ar bith eile nach ligfeadh dóibh "slánú Dé a fháil ó Ifreann."

Ceapann scríbhneoir Doiciméad B gur barbaraigh ar nós ápa iad na hIndiaigh a chaithfear a iompú go héigeantach ar an gCríostaíocht. Cáineann sé a bpágántacht agus a n-íoladhradh. Tá sé ag iarraidh iad a thiontú ó "shearbhóntaí an Diabhail" go "creidmhigh an fhíorDhé".

*Marcáil gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc 10M

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad

(b) Ní aontaíonn, tá dearcthaí difriúla ag an dá dhoiciméad maidir leis an dóigh ar chóir caitheamh leis na hIndiaigh.

Molann scríbhneoir Doiciméad A do na concairí gur cheart dóibh iad féin a scrúdú ar dtús chun fáil amach an bhfuil siad in ann na hIndiaigh a rialú. Deir sé gur cheart caitheamh "go maith" leis na hIndiaigh agus nár cheart do na concairí olc a chur ar a "gcomrádaithe" más féidir. Deir sé leo gan daoine eile a ghortú, gan sclábhaithe a dhéanamh de na hIndiaigh, gan a gcuid fola a dhoirteadh, gan iad a robáil nó iad a bhaint den talamh inar chruthaigh Dia

iad. Tá meas aige ar na hIndiaigh mar dhaoine a fuair “beatha agus daonnacht” ó Dhia. San alt deireanach den doiciméad, áfach, léiríonn an scríbhneoir gurb í an tsaint a spreagann formhór na gconcairí, seachas meas a bheith acu ar dhaoine eile.

Tá dímheas ag scríbhneoir Doiciméad B ar mhuintir an Domhain Nua, creideann sé gur brúideanna neamhliteartha iad atá aineolach ar eolaíocht agus ar dhlíthe. Creideann sé gur féidir cogadh in aghaidh na nIndiach a chosaint toisc gur págánaigh agus canablaigh iad a dhéanann dochar ar “dhaoine neamhchiontacha”. Creideann sé gur barbaraigh iad a chaithfear iallach a chur orthu a bheith sibhialta. Ní mór dóibh géilleadh do riail na Spáinneach agus foghlaim conas luach a chur ar “shuáilce agus ar dhaonnacht agus ar an bhfíorchreideamh” os cionn óir agus airgid. Mura ngéilleann siad do riail na Spáinneach, ní mór “iallach a chur orthu trí dhul i muinín na n-arm” chun géilleadh di.

*Marcáil gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc 10M

Freagra ag tagairt do cháipéis amháin = 5 mharc ar a mhéad

***3. Cáineadh (20 marc)***

(a) Luann an scríbhneoir réimse cúiseanna, ar nós freastal ar Dhia agus freastal ar an Rí. Molann sé do choncairí ionchasacha a gcionsias féin a scrúdú chun fáil amach an bhfuil siad “in ann na hIndiaigh a theagasc” agus a rialú.

Tá imní air gurb í an tsaint a spreagann formhór na gconcairí. Deir sé gur féidir leo rud ar bith is mian leo a dhéanamh “gan daoine eile a ghortú”, ach léiríonn a rabhadh in aghaidh sclábhaithe a dhéanamh de mhuintir na háite nó iad a robáil conas a cheapann sé a n-iompróidh siad féin.

Léiríonn sé an difear idir focal agus gníomh. Deir na concairí go bhfreastalóidh siad ar Dhia agus ar an Rí, ach is é fonn ar ”fhortún níos mó” “amháin” a spreagann iad seachas a n-aithreacha nó a gcomharsana.

*Marcáil an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc An-mhaith = 7-8 marc Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

(b) Is féidir le hiarrthóirí pointí dearfacha agus/nó diúltacha a thabhairt faoi luach an fhoinse do staraithe ag déanamh taighde ar choilíniú Spáinneach sa Domhan Nua.

D'fhéadfadh pointí mar seo a bheith i gceist:

- Bhí an scríbhneoir beo nuair a bhí taiscéalaíocht agus coilíniú Spáinneach ina mbuaic, agus in aimsir pearsana ar nós Cortes agus Pizarro. Tugann sé léargas ar dhuine atá ag maireachtáil tríd an ré thábhachtach seo d'athrú/d'fhorbairt tapa.
- Léiríonn a dhearcadh an-naimhdeach ar mhuintir an Domhain Nua an dearcadh míchuibheasach a bhí ag go leor concairí Spáinneacha sa tréimhse seo a dhearbhaigh cogaíocht Spáinneach i gcoinne mhuintir an Domhain Nua ar fhorais a bpágántachta agus a n-easpa cúirtéise.
- Mar dhiagaire séú haois déag, tugann a scríbhneoireacht léargas ar dhearcadh na hEaglaise Caitlicí sa Spáinn le linn an ama seo.
- Léiríonn sé an muinín iomlán a bhí ag na Spáinnigh as a misean chun ceannas a ghlacadh ar an Domhan Nua, "Cad is oiriúnaí do na hIndiaigh ná a bheith faoi réir riail na Spáinneach?... Ní mór dóibh géilleadh dár riail... ní mór iallach a chur orthu trí dhul i muinín na n-arm chun géilleadh di."
- Ní thugtar aon eolas fíorasach ar leith ar choncais/choncairí áirithe sa Domhan Nua, áfach.

*Marcáil an freagra ar scála aistritheach as 10:*

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith = 9-10 marc | An-mhaith = 7-8 marc | Maith = 5-6 mharc |
| Réasúnta = 3-4 mharc | Lag = 0-2 mharc | 10M |

***4. Comhthéacsú (40 marc)***

Cad iad na bealaí a raibh tionchar ag fionnachtain an Domhain Nua ar Sevilla go háirithe, agus ar an Eoraip i gcoitinne?

I gceist 4, tosaítear le marcáil de réir ailt.
**Marc Carnach** = Uasmharc 24 marc **Meastóireacht Fhoriomlán** = 16 marc ar a mhéad

**Marc Carnach (MC)**
Marcanna iad seo a bhronntar maidir le hábhar staire atá cruinn agus ábhartha le hábhar na ceiste.

Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas.
D'fhéadfadh sé go gcuimseodh alt nó a chomhionannas pointí dá leithéid seo:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;

(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

I ndiaidh na ceiste a roinnt ina hailt nó a gcomhionannas, bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur in iúl. |
| ***Lag.*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)**

Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádaithe a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 14-16 marc

***An-mhaith:*** 11-13 marc

***Maith:*** 6-10 marc

***Réasúnta:*** 4-5 mharc

***Lag:*** 2-3 mharc

***An-lag:*** 0-1 mharc

Agus marcanna MG á mbronnadh, níor cheart go mbeadh an scrúdaitheoir ag súil le freagraí níos iomláine ná 40% i gcomparáid leis na freagraí ar na ceisteanna níos faide maidir le topaicí i Roinn 2 agus i Roinn 3.

Leanann an prionsabal seo na marcála de réir ailt (MC agus MG) ar aghaidh trí Ranna 2 agus 3. Tá an coibhneas MC go MG le fanacht mar 60/40 tríd an bpáipéar scrúdaithe.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***ÉIRE agus EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (300 marc)***

I Ranna 2 agus 3, iarrtar ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist staire. Marcálfar a bhfreagraí faoi dhá cheannteideal:

**Marc Carnach (MC)** bronnta maidir le hábhar staire atá cruinn agus ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MC = 60 marc.

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** do chaighdeán an fhreagra ar an iomlán i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

Uasmharc MF = 40 marc.

***An Fhreagra a Mharcáil***

Chun an freagra a mharcáil, rachaidh an scrúdaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir ag an leibhéal seo agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas. Roinnfidh an scrúdaitheoir an freagra ina ailt nó a chomhionannas:

(i) Réamhrá ábhartha ina dtráchtar ar chúlra an cháis agus/nó ina leagtar síos na téarmaí agus ina mínítear an cur chuige;
(ii) Eachtra, ré nó céim in ord na n-imeachtaí;
(iii) Gné de thopaic/shaincheist, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(iv) Pointe in argóint nó plé, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(v) Míniú coincheapa nó téarma, le tagairtí fíorasacha tacaíochta;
(vi) Líon ráiteas fíorais suntasach, ábhartha, míniú nó trácht ar féidir, cé nach bhfuil siad nasctha ná ceangailte dá chéile, iad a chur san áireamh agus a mheas mar chomhionannas ailt;
(vii) Alt nó achoimre mhaith chlabhsúir a mbeadh níos mó ag baint leis ná athrá díreach.

(Achoimre nach bhfuil ann ach athrá = uasmharc 4 mharc)

Bronnfaidh an scrúdaitheoir marcanna do gach alt nó a chomhionannas mar seo a leanas:

**Marc Carnach (MC)** (Uasmharc = 60 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 11-12 mharc | Sárshaothar anailíse, léargais nó tráchtaireachta. Cuireadh in iúl go soiléir, cruinn agus faisnéis shubstaintiúil. |
| ***An-mhaith:*** 8-10 marc | Ábhar an-mhaith, á chur i láthair go cruinn soiléir. |
| ***Maith***: 6 mharc-7 marc | Eolas fiúntach, á chur i láthair go maith. |
| ***Réasúnta.*** 3-5 mharc | Eolas teoranta/ar éigean é á chur i láthair. |
| ***Lag.*** 0-2 mharc | Fánach/neamhábhartha/botúin thromchúiseacha. |

**Meastóireacht Fhoriomlán (MF)** (Uasmharc = 40 marc)

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** 34-40 marc | Sármhaith sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, go háirithe sa chás go léirítear foghlaim mhionghéar, an-chuid léitheoireachta, cumas anailíse nó tráchtaireacht fhorleitheadach. |
| ***An-mhaith:*** 28-33 marc | An-mhaith – ach gan é a bheith sármhaith – sa chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, i.e. cruinn agus cuimsitheach. |
| ***Maith:*** 22-27 marc | Ar chaighdeán maith ó thaobh an chaoi a ndéileáiltear leis an gceist a cuireadh, ach gan é a bheith eisceachtúil maidir leis an eolas ná an tráchtaireacht a cuireadh ar fáil. |
| ***Réasúnta:*** 16-21 marc | Iarracht réasúnta ar an gceist a cuireadh, ach tá fabhtanna inaitheanta, m.sh.: clúdach neamhiomlán, sonraí neamhábhartha, earráidí fíorasacha. |
| ***Lag***: 10-15 mharc | Dona, sa dóigh a dteipeann sé na ceisteanna atá leagtha amach a fhreagairt, ach tá roinnt tuillteanais aige. |
| ***An-lag:*** 0-9 marc | Freagra an-lag nach bhfuil ann, ar an gcuid is fearr de, ach blúiríní eolais. |

Agus marcanna MG á mbronnadh, déanfaidh an scrúdaitheoir feabhas an fhreagra a mheas agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh de réir mar is cuí:

- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas anailís a dhéanamh ar na nithe a bhaineann leis an gceist a cuireadh (i.e. níos mó ná tuairisc reacaireachta sa fhreagra)?
- Cá mhéad a láimhseáil an t-iarrthóir an fhianaise a bhaineann le hábhar a chuireann bonn iontaofa faoina c(h)uid anailíse?
- Cá mhéad a léirigh an t-iarrthóir cumas cúis a chur i láthair agus a theacht ar lón tátail (i.e. an cheist mar a cuireadh í a fhreagairt)?

## *ROINN 2: ÉIRE*

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (saintréithe + scrios)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (oiliúint + ról)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (géilleadh agus athbhronnadh + tús na plandála)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + a mhéid)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Séan Ó Néill+ Aodh Ó Néill)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (céimeanna + rath)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-60**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (cén fáth + a mhéid)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (polasaithe + turnamh)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Séarlas II + Séamas II)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*Éire:* Topaic 5

**Coilíneacht v. An ríocht - teannas in Éirinn i lár an 18ú haois, 1715-1770**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Náisiún Protastúnach + Ponsonbys)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné(imeachtaí + cur faoi chois)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa 16ú haois dhéanach, 1567-1609**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (rath + teipeanna)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (éirí amach na hÍsiltíre + Armáid na Spáinne)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (cén dóigh + tionchar)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné(an eaglais agus an stát)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (forbairt + tionchar)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
NÓTA: DHÁ ghné (a chumhacht a mhéadú + a theorainneacha a leathnú)
Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

*An Eoraip agus an domhan mór:* Topaic 5
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (Cóisir Tae + Franklin)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1715-1775**

1. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné(imeachtaí + smaointe)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

2. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné(Bunreacht Sibhialta na Cléire + Coiste na Slándála Poiblí)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

3. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40
   NÓTA: DHÁ ghné (An Fhrainc + an Eoraip)
   Mura bhfuil ach ceann AMHÁIN, Uasmharc CM = 50

4. Uasmharc CM = 60 Uasmharc MG = 40

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |